2026/2189

30.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2189 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2026

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarraidh ón nGréig gan an ceanglas ETCS ar bord a shuiteáil ar fheithiclí a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 6839)

(Is é an téacs Gréigise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2026, chuir an Ghréig iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar neamhchur i bhfeidhm mhír (1) de phointe 7.4.2.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún ([2]) ('STI CCS') maidir le 111 fheithicil arna n-oibriú ag Hellenic Trains go dtí an 31 Nollaig 2040 ('an iarraidh'). Cuireadh an iarraidh sin isteach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797.

(2) Le mír (1) de phointe 7.4.2.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 leagtar amach an ceanglas nach mór d'fheithiclí atá le húdarú le comhábhar idir-inoibritheachta nua ETCS ar bord na tacair sonraíochtaí a cheanglaítear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a chur chun feidhme.

(3) Is éard atá sa tionscadal dá dtagraítear san iarraidh údarú a thabhairt do Hellenic Trains 111 fheithicil de na cineálacha seo a leanas a oibriú ina bhfuil ETCS ar bord suiteáilte cheana féin: EMU-Siemens Desiro 460, RAIL-BUS STADLER DMU 560, MAN 2000 DMU621, Locomotive Adtranz Class 220, LOCOMOTIVE 120 SIEMENS, agus a n-uimhreacha clárúcháin feithiclí Eorpacha aonair liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(4) De réir na ndoiciméad a chuir an Ghréig isteach, dá ndéanfaí trealamh ETCS a uasghrádú chun na ceanglais is déanaí a chomhlíonadh (Bonnlíne 4 ETCS), chuirfí moill ar úsáid ETCS ar bord na bhfeithiclí sin ó dheireadh 2026 go 2030. Dá gcomhlíonfaí mír (1) de phointe 7.4.2.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695, bheadh costas breise de thart ar EUR 59 000 000 i gceist, mar gheall ar na costais a bhaineann le huasghrádú a dhéanamh ar an leagan de na sonraíochtaí is gá faoi láthair agus ar an ioncam caillte dá gcuirfí bac gluaiseachta ar fheithiclí go dtí 2030. Chuirfeadh na costais bhreise sin inmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail i mbaol. Ina theannta sin, chuirfeadh an mhoill 4 bliana ar úsáid ETCS moill ar an bhfeabhas suntasach a bhfuil coinne leis ar leibhéal sábháilteachta reatha ghréasán iarnróid na Gréige.

(5) Mar fhoráil mhalartach, molann an Ghréig pointe 7.4.2.1.(1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm mar phointe bailí an 31 Nollaig 2018 ([3]), lena leagtar síos gur féidir ETCS a chur chun feidhme freisin de réir thacar sonraíochta #1, i.e. Bonnlíne 2, leagan córais 1.1 agus sonraíochtaí cheanglais an chórais 2.3.0d. Tá an leagan ETCS ar bord sin comhoiriúnach don ETCS atá in úsáid faoi láthair ar an mbonneagar sa Ghréig. Fágann sé sin gur féidir ETCS a úsáid sa Ghréig gan mhoill agus mhéadódh sé an tsábháilteacht ar ghréasán iarnróid na Gréige.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/919/oj).

(6) Bunaithe ar an údar leis an iarraidh a chuir an Ghréig ar fáil agus ar na bhforáil mhalartach atá beartaithe, is féidir a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (c), agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta i ndáil leis an 111 fheithicil a oibríonn Hellenic Trains. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh.

(7) Tá sé beartaithe ag bainisteoir bonneagair na Gréige aistriú de réir a chéile chuig ETCS raidió-bhunaithe, lena n-áirítear athrú ar bhonnlíne ETCS agus ar an leagan córais is gá le haghaidh trealamh ar bord i gcomhréir le plean náisiúnta cur chun feidhme na Gréige maidir le STI CCS. Spreagfar an t-athrú sin le pleananna nuachóirithe ETCS a bheidh ann amach anseo agus an oibleagáid ETCS raidió-bhunaithe/ERTMS a thabhairt isteach, atá le tabhairt isteach faoin 31 Nollaig 2050 ar a dhéanaí de bhun Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Mar thoradh ar an aistriú, dhéanfaí uasghrádú ar ETCS ar bord na bhfeithiclí sin, rud a cheanglódh ar an mbainisteoir bonneagair fógra faoi idirthréimhse 5 bliana a thabhairt do na gnóthais iarnróid nó d'úinéirí feithiclí mar a luaitear i bpointe 7.4.2.4.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695. Sula ndéanfar an t-uasghrádú, déanfar staidéar in 2030-2035, lena n-áirítear anailís costais is tairbhe ar an aistriú. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2040 nó go dtí dáta níos luaithe i gcás inar gá ETCS ar bord a uasghrádú mar a shonraítear i bhfógra ó bhainisteoir bonneagair na Gréige bunaithe ar phointe 7.4.2.4.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695, cibé acu is túisce a tharlóidh.

(8) Is ceanglas fíor-riachtanach í an tsábháilteacht, mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/797, atá le comhlíonadh ag córas iarnróid an Aontais, na fochórais agus na comhábhair idir-inoibritheachta, lena n-áirítear comhéadain. Dá bhrí sin, ba cheart aon fhaisnéis a sholáthar don Choimisiún lena léirítear go bhféadfadh neamhchur i bhfeidhm mhír (1) de phointe 7.4.2.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 sábháilteacht an chórais iarnróid a chur i mbaol. Go háirithe, ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún más gá earráidí i dtrealamh ETCS ar bord na bhfeithiclí lena mbaineann a cheartú bunaithe ar an nós imeachta a shonraítear i bpointe 7.2.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An iarraidh ón nGréig ar neamhchur i bhfeidhm mhír (1) de phointe 7.4.2.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 maidir leis an 111 fheithicil a oibríonn Hellenic Trains a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, glactar léi ar choinníoll go gcuirfear an fhoráil mhalartach a mhol an Ghréig i bhfeidhm.

Tabharfaidh an Ghréig fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon athrú ar aitheantóirí na bhfeithiclí a liostaítear san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Cuirfidh an Ghréig an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair a bheidh fógra tugtha ag bainisteoir bonneagair na Gréige faoin gceanglas ETCS ar bord a uasghrádú bunaithe ar phointe 7.4.2.4.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695;

(b) a luaithe a bheidh staidéar 2030-2035 ar aistriú ETCS chuig leaganacha níos nuaí atá ar fáil;

(c) a luaithe a bheidh faisnéis aici go bhféadfadh an neamhchur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 1 sábháilteacht an chórais iarnróid a chur i mbaol go réasúnta, go háirithe más gá earráidí i dtrealamh ETCS ar bord na bhfeithiclí lena mbaineann a cheartú.

([4]) Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

Airteagal 3

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2040 nó go dtí deireadh na hidirthréimhse tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a), cibé acu is túisce a tharlóidh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Liosta de 111 fheithicil atá faoi réir an Chinnidh seo.

1. Aitheantas cineáil CECÚF: 13-286-0001-8-001-001
Ainm cineáil CECÚF: EMU-Siemens Desiro 460

Uimhir Eorpach feithiclí - EVN
947324601014
947324602012
947324601022
947324602020
947324601030
947324602038
947324601048
947324602046
947324601055
947324602053
947324601063
947324602061
947324601089
947324602087
947324601097
947324602095
947324601121
947324602129
947324601113
947324602111

2. Aitheantas cineáil CECÚF: 13-289-0001-2-001-001
Ainm cineáil CECÚF: RAIL-BUS STADLER DMU 560

Uimhir Eorpach feithiclí - EVN
957325601020
957325602028
957325601046
957325602044
957325601053
957325602051
957325601061
957325602069
957325601087

Uimhir Eorpach feithiclí - EVN
957325602085
957325601103
957325602101
957325601137
957325602135
957325601145
957325602143
957325601152
957325602150
957325601160
957325602168
957325601079
957325601129
957325602077
957325602127

3. Aitheantas cineáil CECÚF: 13-287-0001-6-001-001
Ainm cineáil CECÚF: MAN 2000 DMU621

Uimhir Eorpach feithiclí - EVN
957326211019
957326212017
957326211027
957326212025
957326211035
957326212033
957326211043
957326212041
957326211050
957326212058
957326212074
957326211084
957326212082
957326211092
957326211100
957326212108
957326211118
957326212116

Uimhir Eorpach feithiclí - EVN
957326211134
957326212132
957326211142
957326212140
957326211126
957326211159
957326212124
957326212157

4. Aitheantas cineáil CECÚF: 11-229-0001-0-001-001 agus 11-229-0002-8-001-001
Ainm cineáil CECÚF: Locomotive Adtranz Class 220

Uimhir Eorpach feithiclí - EVN
927322200027
927322200035
927322200043
927322200050
927322200068
927322200076
927322200118
927322200134
927322200142
927322200167
927322200175
927322200183
927322200191
927322200225
927322200233
927322200241
927322200258
927322200274
927322200290
927322200316
927322200324
927322200332
927322200340
927322200357

5. Aitheantas cineáil CECÚF: 11-231-0001-6-001-001, 11-231-0002-4-001-001
Ainm cineáil CECÚF: LOCOMOTIVE 120 SIEMENS

Uimhir Eorpach feithiclí - EVN
917321200078
917321200086
917321200102
917321200144
917321200151
917321200169
917321200177
917321200185
917321200193
917321200201
917321200219
917321200243
917321200268
917321200284
917321200292
917321200300
917321200029